David Bowie

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhás David Bowie. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin bhfear leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. ómós _____
2. ag fulaingt le hailse _____
3. tionscal an cheoil _____
4. d'eisigh sé _____
5. léiritheoir _____
6. sna cairteacha _____
7. chruthaigh sé _____
8. stíl éagsúil shainiúil _____
9. ag taifeadadh _____
10. suaimhneach _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Scríobh síos an t-eolas ar fad a chloiseann tú faoi David Bowie.

2. Léigh amach an méid a scríobh tú don duine in aice leat. An raibh an t-eolas céanna agaibh?

Ceist 4 Cuir an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní sna bearnaí.

Tá ómós á léiriú ar fud an domhain don (ceoltóir) _____ agus don ealaíontóir cáiliúil, David Bowie, atá tar éis bháis. Naoi (bliain) le cois na trí scór a bhí sé agus bhí sé ag fulaingt le hailse le bliain go leith. Bhí tionchar ollmhór aige ar (tionscal) _____ an cheoil agus na hamhránaíochta le breis is leathchéad bliain.

Ach an oiread leis na Beatles, na Stones, Elvis Presley, léirigh David Bowie céard a bhí speisialta faoi cheol pop. Dé hAoine seo caite, an lá a bhí sé

seasca is a naoi (bliain) _____ d'aois, d'eisigh David Bowie a albam deiridh, *Black Star*. Ag scríobh ar Facebook dúirt Tony Visconti**,** cara mór agus léiritheoir ceoil David Bowie, gurb é a albam *Black Star* a (bronntanas) _____ deiridh don domhan. Léiriú ar an gcineál fir agus ar an ealaíontóir a bhí ann, a dúirt sé.

In Brixton, ar an taobh ó dheas de Londain, a rugadh David Robert Jones i 1947 agus bhunaigh sé a chéad (banna) _____ ceoil nuair nach raibh sé ach cúig bliana déag. D'athraigh sé a ainm ina (diaidh) _____ sin go David Bowie agus bhain sé amach uimhir a haon sna cairteacha sa mBreatain i 1969 le *Space Oddity*. As sin chruthaigh sé Ziggy Stardust, stíl éagsúil shainiúil ag baint lena chuid (ceol) _____ i gcónaí agus tionchar dá réir aige ar cheoltóirí eile.

Ceist 5 '…tá ómós **<u>á</u>** léiriú…'

1. An féidir leat an síneadh fada a mhíniú sa sampla thuas? Éist leis an gcéad chuid den mhír arís le feiceáil an gcabhróidh an comhthéacs leat.

2. Féach ar na samplaí seo thíos anois agus cuir an fhoirm cheart den bhriathar (idir lúibíní) sna spásanna:

   - Bhí an tae á (ól) _____ ag na páistí nuair a chuala siad an torann.
   - Tá na páistí á (cuir) _____ ina luí aici anois.
   - Tá an corp á (tórraigh) _____ i Séipéal na Cathrach inniu.
   - Is mór an trua nach bhfuil an tuairisc sin á (pléigh) _____ againn faoi láthair.
   - Tá an litir á (seol) _____ inniu.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An dtaitníonn ceol David Bowie leat? Cad faoi na ceoltóirí eile a luadh sa mhír?
2. Cad is brí leis an téarma *alter ego*?
3. Deirtear gur chuir David Bowie go mór le cúrsaí ceoil agus amhránaíochta ar fud an domhain. Conas a rinne sé é sin, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

1. ómós	*homage/ reverence*
2. ag fulaingt le hailse	*suffering with cancer*
3. tionscal an cheoil	*the music industry*
4. d'eisigh sé	*he released*
5. léiritheoir	*producer*
6. sna cairteacha	*in the charts*
7. chruthaigh sé	*he created*
8. stíl éagsúil shainiúil	*a diverse and distinctive style*
9. ag taifeadadh	*recording*
10. suaimhneach	*peaceful*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Tá ómós á léiriú ar fud an domhain don **cheoltóir** agus don ealaíontóir cáiliúil, David Bowie, atá tar éis bháis. Naoi **mbliana** le cois na trí scór a bhí sé agus bhí sé ag fulaingt le hailse le bliain go leith. Bhí tionchar ollmhór aige ar **thionscal** an cheoil agus na hamhránaíochta le breis is leathchéad bliain.

Ach an oiread leis na Beatles, na Stones, Elvis Presley, léirigh David Bowie céard a bhí speisialta faoi cheol pop. Dé hAoine seo caite, an lá a bhí sé seasca is a naoi **bliain** d'aois, d'eisigh David Bowie a albam deiridh, *Black Star*. Ag scríobh ar Facebook dúirt Tony Visconti**,** cara mór agus léiritheoir ceoil David Bowie, gurb é a albam *Black Star* a **bhronntanas** deiridh don domhan. Léiriú ar an gcineál fir agus ar an ealaíontóir a bhí ann, a dúirt sé.

In Brixton, ar an taobh ó dheas de Londain, a rugadh David Robert Jones i 1947 agus bhunaigh sé a chéad **bhanna** ceoil nuair nach raibh sé ach cúig bliana déag. D'athraigh sé a ainm ina **dhiaidh** sin go David Bowie agus bhain sé amach uimhir a haon sna cairteacha sa mBreatain i 1969 le *Space Oddity*. As sin chruthaigh sé Ziggy Stardust, stíl éagsúil shainiúil ag baint lena chuid **ceoil** i gcónaí agus tionchar dá réir aige ar cheoltóirí eile.

Ceist 5
1. Tá dhá chiall ag baint le 'á + ainm briathartha':
- **a.** Úsáidtear é mar nach féidir forainm a chur tar éis ainm bhriathartha sa Ghaeilge. i. ní féidir 'ag déanamh + é' a rá sa Ghaeilge, mar sin is é 'á dhéanamh' an Ghaeilge atá ar '*doing it'*.
- ***b.*** Úsáidtear an struchtúr seo freisin mar fhaí chéasta (*passive voice*). Mar shampla, 'Tá sé á dhéanamh (aige)' = *It is being done (by him).*

Is é an dara struchtúr seo atá i gceist sa sampla 'Tá ómós á léiriú' (*homage is being paid*) atá le fáil sa mhír nuachta seo.

2. Tá na rialacha a bhaineann le 'á' cosúil leis na rialacha a bhaineann leis an aidiacht shealbhach sa chaoi is go gcuirtear séimhiú nó urú ar an ainm briathartha, ag brath ar inscne agus uimhir an ainmfhocail a thagann roimhe. Mar shampla:
*dinnéar (firinscneach, uimhir uatha) á d**h**éanamh,*
obair (baininscneach, uimhir uatha) á déanamh,
*scrúduithe (uimhir iolra) á **n**déanamh.*

Bhí an tae **á ól** ag na páistí nuair a chuala siad an torann.
Tá na páistí **á gcur** ina luí aici anois.
Tá an corp **á thórramh** i Séipéal na Cathrach inniu.
Is mór an trua nach bhfuil an tuairisc sin **á plé** againn faoi láthair.
Tá an litir **á seoladh** inniu.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá ómós á léiriú ar fud an domhain don cheoltóir agus don ealaíontóir cáiliúil, David Bowie, atá tar éis bháis. Naoi mbliana le cois na trí scór a bhí sé agus bhí sé ag fulaingt le hailse le bliain go leith. Bhí tionchar ollmhór aige ar thionscal an cheoil agus na hamhránaíochta le breis is leathchéad bliain.

Ach an oiread leis na Beatles, na Stones, Elvis Presley, léirigh David Bowie céard a bhí speisialta faoi cheol pop. Dé hAoine seo caite, an lá a bhí sé seasca is a naoi bliain d'aois, d'eisigh David Bowie a albam deiridh, *Black Star*. Ag scríobh ar Facebook dúirt Tony Visconti**,** cara mór agus léiritheoir ceoil David Bowie, gurb é a albam *Black Star* a bhronntanas deiridh don domhan. Léiriú ar an gcineál fir[1] agus (ar) an ealaíontóir a bhí ann, a dúirt sé.

In Brixton, ar an taobh ó dheas de Londain, a rugadh David Robert Jones i 1947 agus bhunaigh sé a chéad bhanna ceoil nuair nach raibh sé ach cúig bliana déag. D'athraigh sé a ainm ina dhiaidh sin go David Bowie agus bhain sé amach uimhir a haon sna cairteacha sa mBreatain[2] i 1969 le *Space Oddity*. As sin chruthaigh sé Ziggy Stardust, stíl éagsúil shainiúil ag baint lena chuid ceoil i gcónaí agus tionchar dá réir aige ar cheoltóirí eile.

Eoghan McDermott, RTÉ 2fm
But fiú, *like,* má bhreathnaíonn tú ar na bannaí ceoil go bhfuil tionchar ag David orthu, daoine ar nós Suede, nó na Killers nó Morrissey agus fiú daoine ar nós Beyoncé, *you know*, *just* chun an *alter ego* sin a chur ar an ardán chomh fíochmhar sin. *So*, ó thaobh gach rud *just you know*, beidh sé, beidh sé linn go deo is dócha.

Eimear Ní Chonaola
Cé nach raibh David Bowie le feiceáil chomh minic céanna le blianta anuas, choinnigh sé air ag taifeadadh a chuid ceoil. Mhair sé i Nua-Eabhrac lena bhean chéile, Iman, agus a n-iníon, Alexandria. Dúirt a mhac óna chéad phósadh, Duncan Jones, go raibh a bhás suaimhneach agus a theaghlach uilig timpeall air i Nua-Eabhrac.

[1] *fear* a deirtear
[2] Córas Chonnacht